C/2025/6716

17.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12241 — TRANE TECHNOLOGIES / KIPEMA / APTUS 2527 / K&P)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6716)

1. An 9 Nollaig 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Trane Technologies plc ('Trane Technologies', Éire),

— Kipema GmbH ('Kipema', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Trane Technologies agus Kipema rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Kieback&Peter GmbH & Co. KG ('K&P', an Ghearmáin). ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bíonn Trane Technologies ag díriú ar chórais téimh, aerála, aerchóiriúcháin agus cuisniúcháin i mbreis agus 80 tír ar fud an domhain, lena n-áirítear LEE,

— Is cuideachta nua-ionchorpraithe é Kipema de chuid bhainistíocht reatha K&P agus níl aon ghníomhaíocht ghnó neamhspleách aige.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais K&P:

bogearraí agus crua-earraí le haghaidh bainistiú foirgneamh cliste a fhorbairt agus a chomhtháthú, lena n-áirítear rialú téimh, aerála, agus aerchóiriúcháin, agus soilsiú, cosaint dóiteáin, agus córais optamaithe fuinnimh, sa Ghearmáin go príomha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12241 — TRANE TECHNOLOGIES / KIPEMA / APTUS 2527 / K&P

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË